Salann Garbh2:Layout 1 03/12/2009 09:38 Page 11

Seasamh T'alún

Déistean a chuir íomhá uilechumhachtach na bpóstaeirí ar Bheirní. Iad ina streoille ar fhad an bhealaigh ag breathnú anuas uirthi de chuaillí teileafóin. Fireann a bhformhór, ag impí ar an bpobal muinín a chur iontu sna toghcháin áitiúla agus i dtoghcháin na hEorpa. Cúl na tine tugtha d'éagsúlacht a gcuid bolscaireachta aici de réir mar a tháinig siad thrí pholl na litreach le achar aimsire roimhe sin. Í tar éis mionnú go diongbháilte nach dtabharfadh sí vóta do cheachtar acu go brách aríst tar éis don ghéarchéim eacnamaíochta í a bhriseadh as a post. Chuile shólás beag breise dár chuir an dara páighe de mhaith orthu gearrtha go dúid aici. Rud ar bith a raibh déanamh dá uireasa: an Fiesta beag darna lámhach; na cúpla geábh a théadh siad go dtí teach an óil ag ceiliúradh na saoirse; Joe, a fear céile, den tuairim go raibh a himní ag dul thar fóir nuair a fuair sí réidh leis an bhfón póca; ise ag sáraíocht gurbh fhearr súil romhat ná dhá shúil i do dhiaidh, ar fhaitíos go gcaillfeadh seisean a phost sa ngaráiste. "Beidh mé in ann corrcharr a dheisiú ar chúl an tí," a deireadh sé mar go dtug sé ón mbroinn leis a bheith muiníneach as misneach de Valera.

Salann Garbh2:Layout 1 03/12/2009 09:38 Page 12

"Mar a chéile uilig sibh: paca rógairí," a mhungail sí faoina hanáil ag díriú a hamhairc ar dhuibhe an bhóthair.

Níorbh iad an chloch ba mhó ar a paidrín in ala na huaire ach an imní chéatach a bhí á cur ag coimhlint le teorainneacha luais. Comhairle Joe á cosc ar éigin ón dlí a bhriseadh.

"Imigh, imigh leat láithreach," ráite go práinneach aige tar éis don ghlaoch gutháin na deora a chur ag silt léi.

"Ach tá Fionn le bailiú ón naíonra, beidh an carr ag teastáil . . ."

"Socróidh mé rud eicínt, tá tusa ag teastáil níos géire ó do mháthair."

Ba eisean a bhailigh a cuid balcaisí agus a d'fhill go pointeáilte i mála iad fad is a bhí sí ag scaoileadh scaird as an gcith uirthi fhéin. Tobainne na teachtaireachta tar éis meall dóláis a at ina cliabhrach. "*Rushed to hospital with a suspected heart attack*," ráite sách gártha ag duine de na comharsain. Smaoineamh dólásach a bhain léim chun cinn as an gcarr nó gur mheabhraigh faitíos foighid. Glogar a boilg ag fógairt ocrais ach a deifir rómhór le géilleadh dhó. Thosaigh sí ag suimiú an ama ar mhéaracha a ciotóige nuair a d'fhógair comhartha bóthair go raibh sí ag teannadh le Iúr Chinn Trá. Dhá uair thréana tiomána ó d'fhág sí Áth Buí na Mí. Ard Mhacha, Dún Geanainn agus Machairí – cuid mhaith de dhá uair eile, a mheas sí go cráite, nó gur mheabhraigh athsmaoineamh nach abhaile a bhí a triall ach go dtí an t-ospidéal i nDún Geanainn.

Míshuaimhneas na mblianta a chur faoi ndeara di moilliú ag teannadh leis an teorainn. Póstaer mór de Gerry Adams á dearcadh as cruas a shúl nuair a thrasnaigh sí go dtí an ríocht leath-aontaithe, gan póilín gan saighdiúir lena bac. Athrú nárbh fhéidir a shamhlú le linn di a bheith ag éirí suas. An tseanghráin ag cur blas searbh ar a béal anois fhéin agus maidhm feirge á hoibriú ag smaoineamh siar ar an drochíde a fuair siad, gan gair acu a bheith óigeanta de bharr chonstáblaí aontaobhacha an RUC a bheith á síorthreascairt. Streill fhrithmhagúil ar a ndreach nuair a stopaidís ar an mbealach go dtí cluiche peile i gCluain Eois iad. Na Péas ag stopadh scuainí fada de

Salann Garbh2:Layout 1 03/12/2009 09:38 Page 13

lucht leanúna Thír Eoghain agus á gcoinneáil ansin go héagórach nó go mbeadh an cluiche thart.

Fuath ar dhuibhe na hairne ag líonadh a croí ag smaoineamh ar an oíche a raibh sí fhéin agus triúr dá cuid cairde ag triall ar cheiliúradh na Debs. An tráthnóna caite acu ag goirm as na gúnaí, ag maisiú aghaidh agus ingneacha a chéile go dingliseach. Sceitimíní á gcur ag sioscadh go gealgháireach de réir mar a bhí an carr ag déanamh ar an óstán. Gan duibhe na hoíche ná dórtadh na báistí ag cur isteach orthu nó gur ghoin osna ón tiománaí a n-aire. An Constábla Speisialta Blackmore a bhí ina sheasamh i lár an bhóthair rompu. Protastún áitiúil a raibh aithne súl acu air. A lóchrann láimhe ag baint an tsolais as a súile ó dhuine go duine. "*Out*," a rasp sé go drochmheasúil. Sinneán gaoithe ag ropadh an dórtaidh i gcoinne a chulaithe báistí nuair a chuir sé ina seasamh sa lathach ar thaobh an bhóthair iad. Gan falach ar a mbráid ach iad ina mbuilcín ag iarraidh dídean a thabhairt dá chéile. Gan oiread is unsa grá Dé ina chroí nuair a chuir an doineann ag bladhrúch chaoineacháin iad. Cúlraí cíortha a gcuid gruaige ag titim ina líbíní báite thart timpeall a n-éadain. A n-achainí ag titim ar chluasa bodhra nó go raibh an carr cuartaithe ó bhun go barr ag dhá pheáitse dhubha eile a raibh sé ag tabhairt treoracha dhóibh. Gan láíocht ná leithscéal ach a chuid peáitsí a staonadh go borb ar deireadh thiar nuair a mheas sé an oíche a bheith curtha ó rath orthu. Na gúnaí ag sileadh na ndeor nuair a shuigh siad isteach sa gcarr an athuair.

Mhionnaigh sí an oíche sin Blackmore a chur dá chois nuair a thiocfadh sí in inmhe, agus chuirfeadh murach gur casadh Joe léi ag an bhFleadh Cheoil i Lios Tuathail is gur mheall an grá in aghaidh a cos thar teorainn í. Bóithre na smaointe a bhí ag giorrú an bhealaigh nó gur bhain comhartha bóthair Bessbrook stangadh aisti. Í ag moilliú an chairr go hómósach i gcuimhne a hathar, gan é de mhínádúr inti tiomáint thar an spota ar maraíodh é dá mbeadh a cailleadh den tsaol leis. Comhartha na croise le tabhairt faoi deara ar éigin in éadan cloiche móire leithne a bhí i gclaí an bhóthair.

Salann Garbh2:Layout 1 03/12/2009 09:38 Page 14

Deifir uirthi ag aimsiú spalla nó gur ghreann sí comhartha na croise go follasach sa gcaonach liath. An t-aon chomhartha nach raibh siad ábalta a scrios, pé ar bith cé a bhíodh ag déanamh smidiríní de chuile shuntas eile dár shíl siad a chur ag marcáil a chuimhne. A liachtaí Domhnach ar éiligh a máthair í a thiomáint go Bessbrook nó go gcaoinfeadh sí a briseadh croí sa spota seo. Smaoineamh a chuir ag sodar ar ais go dtí an carr í.

Súil ar an am á brostú chun bóthair aríst. Fód báis an athar nach bhfaca sí ariamh tar éis í a ghríosadh chun misnigh. Bheadh a máthair bródúil. An phian a bhíodh ina glór ag teacht chun cuimhne nuair a thosaíodh sí ag aithris an uafáis do Bheirní.

"Dúnmharú a bhí ann, ní tada eile," a deireadh sí agus meacan an ghoil ag cur creathadh ina glór. "Go Londain a chuaigh muid ar mhí na meala, áit ar fhan muid ar feadh trí bliana, ag obair ó dhubh go dubh, Domhnach is dálach. Fíbín orainn ag iarraidh oiread airgid a shaothrú is a chuirfeadh dlús le teach nua ar bhruach na locha sna Machairí. Ní móide go bhfillfeadh muid ar feadh bliain nó dhó eile murach Dia a bheith tar éis tusa a bhronnadh orainn. Chúig mhí a bhí mé do t'iompar nuair a thug muid ár n-aghaidh abhaile, é tiomnaithe againn araon gur i nádúr ár ndúchais a shaolófaí thú. Bhí an oíche tite nuair a d'fhág muid Dún Laoghaire, muid lán le brí agus gliondar croí ag trasnú na teorann.

"Ceistníodh agus cruacheistníodh ó dheas is ó thuaidh muid, cuid den phionós aimsire a bhíodh de bhreithiúnas aithrí ar gach taistealaí. Drithlíní aoibhnis ár mbrostú thrí dheisceart Ard Mhacha, é i ngreim láimhe ionam nuair a scread sé. Leoraí airm nár aimsigh na soilse go dtí an nóiméad deiridh a bhí trasna an bhóthair romhainn. Oiread de gheit bainte asainn is gur bhain sé scread as na coscáin. Ba leor sin mar ugach do na bastardaí. Bhí an carr tugtha chun suaimhnis go sábháilte aige nuair a mharaíodar le cith urchar é. *Terrorist attack* a mhaígh siad. Gan samhail acu ach paca deabhal as íochtar ifrinn lena raibh de dhath dubh smeartha ar a n-éadain. Ocht n-uaire an chloig a d'fhágadar ansin sa gcarr muid.

Salann Garbh2:Layout 1 03/12/2009 09:38 Page 15

Mise idir mo bheo agus mo mharbh de bharr urchar a chuaigh thrí mo ghualainn. Oiread uafáis orthu ag tnúthán le buama a fháil sa gcarr is nár lig siad dochtúir ná otharcharr ina ghaobhar nó gur gheal an lá. Ach níor gheal an lá dhomsa, ná aon lá eile de mo shaol, ach an dearg-ghráin do mo ghríosadh chun díoltais."

Géibheann de chineál eile a thug Beirní chun aireachais. Ospidéal Dhún Geanainn ina mheall doichill amach roimpi. Maidhm teannais ag tochtadh ina hucht is í ag triall go luathchosach ar an ionad dianchúraim croí. Í á spreagadh fhéin chun misnigh faoi chomhair na hanachaine; creathadh truamhéalach de chloigeann banaltra nó tuar dochtúra, b'fhéidir, ar thob í a chiapadh. Chomh spriosánta le meannán míosa a fuair sí roimpi sa leaba í, roic an dúshláin i gcruinní a béil agus a súile dúnta in aghaidh an déistin a bhí á cuibhriú.

"Tabhair abhaile as seo mé," an chéad abairt a thaosc as domhain a hintinne chomh luath in Éirinn is a bhíog cogar sólásach a hiníne in airdeall í. An leithscéal á splancadh chomh mór chun saoirse is go raibh ag teip ar Bheirní foighid a chur inti nó go dtáinig banaltra go smachtghlórach i gcabhair uirthi. Le fáisceadh drogallach dá beola a ghéill sí ar an tuiscint go mbeadh cead a cos an lá dár gcionn aici.

"Fanfaidh mise anseo go maidin in éineacht leat, a Mhamaí," á suaimhniú de réir mar a bhí Beirní á hathchóiriú i dteas na n-éadaí.

Le nod discréideach dá ceann a threoraigh an bhanaltra do Bheirní í a leanacht i dtreo stáisiún na n-altraí. "*More sinister than a heart attack*," a bhí ráite ag an dochtúir. Bheadh aistriú fola ag teastáil go rialta. Bhí cead abhaile aici chomh luath is a bheadh duine ar fáil lena fosaíocht go seasta. Níorbh fhéidir í a fhágáil ar thaobh tí aisti fhéin.

Dá mbeadh cás ar bith i meabhair nua-aoiseach an teileafóin, ní chuirfeadh sé siolla as a phutóga ag tráth chomh goilliúnach. An bhanaltra á ardú agus ag ceilt fios a fheasa ar a cluais de réir mar a d'ídigh sí breithiúnas cráite a dualgais.

Salann Garbh2:Layout 1 03/12/2009 09:38 Page 16

"Tá mórchuid damáiste déanta dá croí. Bliain ar a ollmhéid a mheas an dochtúir, ach go bhféadfadh taom í a chriogadh nóiméad ar bith mura bhfaighidh sí aire na huibhe . . . Hello?"

Lagar spioraid a bhí ag lúbadh na n-ioscadaí faoi Bheirní ag éirí den chathaoir. Nod scéiniúil a súl ag cur a buíochais in iúl. Cíor thuaifil a hintinne á treorú go mallchosach i dtreo na cinniúna.

"An bhfuil Fionn agus Joe in éineacht leat?" curtha go bíogúil mar fháilte ar ais roimpi; ala ciúinis ansin de réir mar a bhí súil mheabhrach na máthar ag léamh a hintinne nuair a chinn ar Bheirní a thabhairt de fhreagra ach creathadh diúltach dá ceann.

"Tá mo bhreithiúnas báis cloiste agat?" Gan aithne uirthi nach ag caint go fánach ar an aimsir a bhí sí. "Ná cuir suim ar bith ina gcuid cainte sin, nach gcaithfidh siad a bheith ag caint ar rud eicínt. Nár thuar arm Mhaggie Thatcher mo bhás go mion minic is tá mé anseo fós dá míle buíochas. Ná tabhair de shásamh dhóibh sin go bhfeicfidh siad ag caoineachán thú. Nach gcaithfidh duine bás a fháil uair eicínt. Níl aon imní orm anois ó tharla tusa a bheith ar ais sa mbaile in éineacht liom."

Abairt a bhí tar éis an briseadh croí a iompú droim ar ais, intinn Bheirní ag malartú freagraí go léanmhar de réir mar a thochail sí ar thóir freagra sásúil dá géarchéim. Sáinn mar thoradh ar na cúpla roghain a bheartaigh sí, amhail míoltóige a bheadh i bhfastó i nead an damháin alla. Chuile fhocal as béal a máthar á cuibhriú tuilleadh.

"Tiocfaidh Joe agus Fionn abhaile anseo in éindí leat. Cuirfidh sin scéin sna bastardaí gallda atá ag iarraidh muid a chur as seilbh i gcaitheamh an tsaoil."

Bhí aoibh bhuacach ag cothú spreacadh in amharc bagrach a súl. An cath deireanach buaite aici agus í ag tnúthán le dhá mhéar mhallachta a fhágáil le huacht ag an mianach Oráisteach a bhí dólúm á ciapadh go héagórach.

Seasamh roimpi as láimh a mheas Beirní, gan aon anonn ná anall ach a rá glan amach léi nach raibh sí in araíocht a baile nua ar an Áth Buí a fhágáil. Na focla ar bharr a goib ach gan é de

Salann Garbh2:Layout 1 03/12/2009 09:38 Page 17

dhánaíocht inti stad a chur i roiseadh cainte a máthar. Díocas damanta a cuid samhlaíochta ag bailiú nirt mar a bheadh ginearál airm ag bíogadh a chuid trúpaí. Chuirfeadh Joe eallach ar na deich n-acraí talún a bhí imithe i léig i dteannta lúd a cnámh. "Cuirfidh muide na bastardaí sin ina n-áit fhéin ó fhad go dtí é. Fál láidir cosanta a chur glan amach go dtí bruach na locha chun iad a stopadh ag trasnú ár gcuid talún. Déanaidís an *marina* in áit eicínt eile ach oiread is orlach den ghabháltas s'againne ní thaobhóidh siad go brách. Níl sé seachtain fós ó b'éigin dhom iad a ruaigeadh. *You're trespassing, get off my property,* a bhéic mé orthu. Gnúsacht a rinne siad ar nós madraí drochmhúinte. *We'll get it in spite of you, when you're confined to a six by three,* a rop duine de na bastardaí thrína chuid fiacla. Is leatsa an fód a sheasamh anois, a Bheirní, tá freagracht tí agus talún le m'uachta agat."

Mhothaigh Beirní sruth friochanta d'fhuil sheasmhach a muintire á bíogadh chun dúshláin, drioganna a bhíodh seasta síoraí á seadú nó gur mheall an grá trasna na teorann í. An fonn fíochmhar troda a rugadh léi á gríosadh an athuair. Freagracht, a bhí fuilteach go minic, ar thob titim ar a crann sise. Cuimhne mhaith aici ar gach dúshlán dár thugadar in aghaidh mhaithe móra an chroí dhuibh as Port an Dúnáin. Bithiúnaigh, a shocraigh *marina* a fhorbairt den bhuíochas i mbun na deich n-acra talún. Iad den bharúil go raibh sé de cheart acu grifisc náisiúnach a bhrú faoi chois nó gur sheas sí fhéin agus a máthair go deilgneach ina gcoinne. Meanmnaí laochrais á bíogadh ag smaoineamh ar an oíche a ndeachaigh sí fhéin agus a máthair ar bord catamaráin mhóir áirgiúil. Iad ag uanaíocht ar a chéile nó gur ghearr siad ina dhá leath le toireasc láimhe í. Scor a thabhairt dá cuid rópaí ansin agus í a scaoileadh le gaoth sul má d'éalaigh siad abhaile go mórtasach. Sásamh breá acu ag breathnú ar an gcreatlach ag teacht i dtír ar an teilifís an tráthnóna dár gcionn, nuair a réab an RUC isteach ar fud an tí. Marú duine orthu ar thóir na deise gearrtha, a bhí báite go brách i bpoll portaigh. Dhá phunt siúcra a chaitheadar

Salann Garbh2:Layout 1 03/12/2009 09:38 Page 18

go discréideach i dtanc an díosail chun an Hymac a chur ina thost. Ach ní go haontaobhach a shéid gaoth fhealltach an chomhraic. Héileacaptair an airm ag ísliú de sciotán nó go dtiomáinfeadh alltacht a gcuid sciathán na beithígh amach sa bpoll báite. Gan seachtain sa mbliain nach dtugtaí postaí agus sreang an chlaí teorann as a lúdracha. Rabharta eascainí a chuireadh a máthair ina ndiaidh agus í á ndaingniú go nimheanta ar ais ina n-áit.

Níos mó ná peaca an amhrais sa tuairim choitianta gurbh é an cás buacach cúirte a throid sé ar son a gceart a chuir an tairne deiridh i gcónra a ndlíodóra. Feallmharú a chuir sceon ar Bheirní, fad a droma ag crinneadh anois fhéin ach gan díbliú céasta na mblianta tar éis feanc a bhaint as spiorad a máthar. Baslach péinte a thabhairt don teach ordaithe aici ach an talamh a chur ar chóir shábháilte i dtús báire.

"Taispeánfaidh muide don phaca bithiúnach sin nach bhfaighidh siad an lámh in uachtar go brách orainn. Fan go bhfeice siad Fionn ag cosaint seilbh a mhuintire a chúnamh dá athair. Cuirfidh sin dhá ghlúin eile i ndiaidh a gcúil, na bastardaí."

Fionn, ainm muirneach a maicín luaite le printíseacht na coimhlinte. Le craitheadh dá ceann a dhiúltaigh sí don chinneadh. An t-anam curtha trasna inti. Gasúirín lách soineanta, í á shamhlú ina shuí ar ghlúine a athar agus a chuid súile móra gorma ag sloigeadh na n-iontas as na scéalta beaga simplí a bhíodh Joe a aithris dhó. Ní bhfaigheadh sí ina claonta go brách a intinn neamhurchóideach a líonadh le fuath is le foréigean. Le craitheadh dá ceann a dhiúltaigh sí don chinneadh.

Le ala fada ciúinis a thug an mháthair suntas di. Ceann faoi a hiníne tar éis an chaint a chalcadh.

"Céard?" a d'fhiosraigh sí go taghdach, ag díriú aniar sa leaba.

B'éigin do Bheirní cnead a cheansú sul má bhí sé de mhisneach aici breathnú idir dhá shúil a máthar. "Ní theastaíonn uaim go mbeadh baint ná páirt ag Fionn leis an teannas seo. Ní theastaíonn uaim a bheith ag líonadh a chroí le fuath ná le oilbhéas."

Salann Garbh2:Layout 1 03/12/2009 09:38 Page 19

"Ní theastaíonn sé ó cheachtar againn dá mbeadh neart air; ní muide a thosaigh an trioblóid," a rop sí ar ais go coilgneach.

"Ach tá na trioblóidí thart, a Mhamaí, tá síocháin i réim le deich mbliana."

Rinne sí staic de Bheirní le séideán dá cuid polláirí. "Tá cacamas i réim," a theilg sí ina treo go teasaí. Beirní ag ardú a láimhe d'fhonn gobán a chur ina béal ach é fánach aici. "Tá an pus ribeach sin agus brúta na bhfiacla bréige ag scríobadh dromanna a chéile os comhair na meán mar go bhfuil siad ag fáil íoctha go maith as."

"Ach tá síocháin thairis sin i réim, a Mhamaí."

"Ó, tá, má umhlaíonn muid d'Oráistigh is d'Aondachtóirí mar a theastaigh uathu ón tús. Beidh siad chomh mór linn is a bheadh gearrán bán le coca féir má thugann muid cead dhóibh siúl orainn. Cur i gcéill atá i réim. Lucht polaitíochta ag súil go gcraithfeadh mise lámh leis an mianach a rinne baintreach dhíom. An bhfuil do chnámh droma leáite ag na glaomairí caca sin ó dheas den teorainn? An bhfuil dearmad déanta agat ar Bhlackmore nó arb é an chaoi a dteastaíonn uait lámh a chraitheadh leis agus póg a thabhairt dá thóin?"

"Ní hea, is maith atá a fhios agat gur in ifreann ab fhearr liom é."

"An bhfuil dearmad déanta agat ar an mbail a chuir siad ar t'uncail Patsy, a shíl a theacht i gcabhair orainn, nuair a shnámh sé faoin uisce i gceartlár na hoíche agus an scian ina bhéal nó gur ghearr sé an corda a bhíodh ag tosaí na n-inneall de chuile bhád dá raibh ar ancaire thíos i mbun na talún. Muid ag ceapadh go raibh an buille feille buailte againn nó gur réab buíon marfach na bpúicíní isteach ina theach ar a thóir. Thug Dia dhó go raibh sé imithe ag imirt chártaí, má thug. A chúigear clainne a strachailt amach as leapacha a rinne siad. Iad ag gárthaíl chaoineacháin nuair a cuireadh i líne le balla i dteannta a máthar iad. Go dtí cúig a chomhair siad sul má rinne siad corpán di le cith urchar, de bharr nach n-inseodh sí cá raibh sé. Ní duine a mharaigh siad ach a raibh sa teach, ar scáth ar fágadh beo dhíobh. Beirt acu in ospidéal

Salann Garbh2:Layout 1 03/12/2009 09:38 Page 20

meabhairghalair is an chuid eile imithe le fána an tsaoil. Tá a fhios agat cén deireadh a bhí le Patsy . . ."

Bhí a fhios. Thug sí fóiriúint dá cluasa le bosa a lámh ag iarraidh leagan lom a máthar den sciúrsáil a phlúchadh. Cuimhne dhomhain dhólásach aici ar an lá ar frítheadh a chorp sna giolcacha ar bhruach Oileán Coney. Féinmharú a thug na húdáráis mar bhreithiúnas báis air, cé go mbeadh dúnmharú i bhfad ní ba ghaire don fhírinne.

Chuir sí point a méaracha i bpoill a cluas go discréideach d'fhonn aiteall a fháil ón íde béil agus bealach a aimsiú as an tsáinn a bhí chomh teann le súil ribe faoina muineál. Labhairt le Joe, neamhaird eile a ghoill uirthi, oiread teannais ina turas is nár smaoinigh sí é a choinneáil ar an eolas. Síos an staighre agus a hanó a chur in iúl dhó. Eisean a chuirfeadh comhairle a leasa uirthi. Gan mórán roghain aici. Contúirt réabtha dá labhródh sí ar theach altranais. Sin nó Joe agus Fionn a íobairt ar feadh scaithimh agus fanacht dá haltracht nó go gcuirfeadh Dia fios uirthi. Socrú nárbh acmhainn dá coinsias ná dá pócaí. Í a mhealladh ó dheas ina cuideachta an cinneadh ba ghaire do réasún. Níor mhór di é a phlé le Joe. Bhí Joe réchúiseach. Dhul síos go dtí an doras tosaigh agus glaoch ar Joe an gad ba ghaire don scornach.

Stolladh láidir cainte a d'aimsigh í ar dhíchorcáil na gcluas. Fuinneamh ina máthair ag cur dlaoi mhullaigh ar a hóráid.

"Tá a bhfuil de Chaitilicigh ar fud an domhain ag goirm as Íosa Críost mar gheall gur fhulaing sé bás ar ár son os cionn dhá mhíle bliain ó shin. Bhuel, fuair Patsy Ó hÉagáin bás ar ár son sinne agus tá sé de dhualgas orainn talamh a sheasamh ina chuimhne."

"Caithfidh mé a dhul síos an staighre go fóilleach, a Mhamaí."

"Hea?" Alltacht uirthi go gcuirfeadh rud ar bith eile isteach ar a rith cainte.

"Caithfidh mé labhairt le Joe is le Fionn."

Bhí an phluid caite i leataobh agus leathchois léi thar bord chomh luath is a chuala sí ainm a garmhic. "Tiocfaidh mé síos in éineacht leat."

Salann Garbh2:Layout 1 03/12/2009 09:38 Page 21

"Ach ní féidir leat, níl cead agatsa an leaba a fhágáil."

"Tá mé ag iarraidh labhairt le Fionn."

"Labhróidh tú amáireach leis. Tá ocras ormsa freisin, caithfidh mé greim le n-ithe a fháil in áit eicínt."

Ba chumhachtaí a diomú ná abairt ó abhcóide nuair a shuigh sí go bundúnach ar an leaba. Croí scallta Bheirní ar thob pléascadh ag suí lena taobh. Grá docht daingean á cur ag muirniú bosa cnámhacha a lámh.

"Ná bí ag troid liom, a Mhamaí, ní féidir liom dhá leath a dhéanamh dhíom fhéin."

"Ní leat atá mé ag troid."

"Tá cion an tsaoil agam ort, a Mhamaí." Le fáisceadh beag dá bois a chuir sí a comhbhá in iúl.

"Tháinig muid as mórchuid gábh le chéile, a Mhamaí, ach tá mé i sáinn ag an gceann seo. Ní féidir leat a bheith ag súil go bhfágfaidh Joe a bhaile, san áit a bhfuil obair aige, le theacht aníos anseo."

Bhí brí na habairte ag ardú a cinn go mall mar a bheadh láir oilbhéasach ar thob maolú.

"Beidh míle fáilte ag Fionn romhat má théann tú síos in éineacht linne go dtí an tÁth Buí . . . ar feadh cúpla mí nó go mbeidh biseach ort."

Síoraíocht a bhí sa mallchasadh cinn a thug aghaidh ar aghaidh lena hiníon í. Fiántas fíochmhar sna súile neamhghéilliúnacha a bhí ar thob saighead a dhéanamh dá teanga.

"Urlámhas a thabhairt do na hamhais Oráisteacha ar sheilbh do mhuintire, ab ea?"

"Ní hea, a Mhamaí, ní –"

"B'fhearr liom bás a fháil sa gcaochpholl atá ar bhruach an locha. Choinneodh an boladh bréan uainn ar feadh achair bhig níos faide iad." Bhí an taghd tar éis í a chur ar a bonnacha. Fearg ar thob í a spréachadh i dtreo an bhaile de sciotán. Spléachadh léanmhar dá súil ag géilleadh don trealamh ospidéil a bhí á ceansú. D'iontaigh sí a droim lena hiníon nuair a luigh sí ar ais faoi na pluideanna.

Salann Garbh2:Layout 1 03/12/2009 09:38 Page 22

Tréine a hanála ag ramhrú an teannais de réir mar a d'éirigh Beirní ina seasamh.

"Beidh mé ar ais gan mórán achair," ag éalú go ciúin óna beola.

Ba leor an tsúil chiotach chun í a ghortú go cnámh, ach ba dealg nimheanta sa mbeo an "Cúl le cine" a d'fhógair sí go feargach ina diaidh sul má chlúdaigh sí a ceann faoin bpluid.

"Foighid, a Bheirní," a d'impigh Joe, "stop ag caoineadh is inis an scéala ceart dhom."

"Tá mé i ladhar an chasúir aici, a Joe."

"Ssshh, níl olagón chun tada a leigheas ag an tráth seo."

"Níl fanta aici ach sé mhí, bliain ar a mhéid, a dúirt an bhanaltra. Níl aon bhealach éasca len é seo a rá, ach caithfidh mé fanacht anseo agus aire a thabhairt di."

"Céard?"

"A Joe, le do thoil ná tosaigh thusa ag troid liom."

"Níl mé ag troid leat, ach céard faoi aire a thabhairt anseo di?"

"In adharc an chochaill a chuaigh sí, an múille fhéin ní bheadh chomh stobarnáilte léi. Nach bhfuil aithne mhaith agat uirthi. Tusa agus Fionn a theacht aníos anseo ag ruaigeadh Aondachtóirí atá á mearú."

Bhí dubh na fríde de ré an achair ina scairt gháirí.

"Ní ag magadh atá mé: seilbh a choinneáil ar an ngabháltas an t-aon rún daingean a thabharfas bás suaimhneach di."

"Deabhal blas loicht air, is dóigh."

"Céard a dúirt tú?"

"Is dóigh gurb é an socrú is feiliúnaí dhúinn uilig é."

"Ach tá uisce faoi thalamh agus teannas ag brúchtaíl anseo go fóill. Cuirfear sna miotail thú mar gheall ar an talamh."

"Cuiridís leo; tá muide in ann chúig chárta a imirt freisin."

"A Joe, an bhfuil tú dáiríre faoi seo? Teastaíonn uaim go mbeadh saol sona suaimhneach ag Fionn."

"Leanfaidh Fionn an sampla a thabharfas muide dhó, ní bheidh stró ar bith air."

Salann Garbh2:Layout 1 03/12/2009 09:38 Page 23

"Tá mé ag creathadh, a Joe. Ní theastaíonn uaim go mbeadh sibhse in umar na haimléise i ngeall ormsa."

"Níl ann ach cor tobann ar bhóthar an tsaoil; tá a fhios againn an bealach abhaile má chinneann orainn."

"Ó, Joe, Joe, fan go gcloisfidh Mamaí é."

Bhí an t-ardú meanman á deifriú i dtreo an staighre murach an scuaidrín daoine a bhí scaipthe ag boird ag dúil le ardú croí as cupán caife. Cuid acu gealgháireach go maith, mar a bheadh iontú bisigh tar éis dea-chríoch a thuar dá n-údar imní. Lorg na ndeor ag cothú ciúinis ag boird eile. Chuile dhuine is a anó fhéin, a smaoinigh Beirní, ag bleán cupán tae agus ceapaire as putóga innill. Gan é d'fhoighid inti an greim a ithe ar a compóirt le teann deifre chun an dea-scéal a dháileadh. Ina gheampaí a shloig sí an ceapaire, í ag diúgadh na cúpla blogam deiridh den chaife de réir mar a bhordáil sí i dtreo chiseán an bhruscair. An meáchan céatach a thóg Joe dá cuid guaillí ag éadromú a coiscéime in aghaidh an staighre. Trua mhillteach aici do chréatúr eicínt a bhí dhá bhanaltra a bhrú rompu go deifreach aníos an pasáiste. Giúin ghártha ag meabhrú di go raibh taom croí ag tabhairt a ndúshláin.

Mullach dlúthbhearrtha gruaige, chomh liath le dualta miotail, a bhain scread aisti.

"Mamaí!" a bhéic sí, an gheit á cur le báine. Lámh mharbhánta a máthar i ngreim go crua aici de bhuíochas thuineadh na mbanaltraí a bhí in alltacht ghéarchéime. Rith ina dteannta a rinne sí, a greim ag daingniú ar an láimh chaol chaite.

"Ná himigh uaim, a Mhamaí," a d'impigh sí go leanúnach. Seans níos fearr aici cogar a chur ina cluais fad is a bhí an *lift* á n-ardú i dtreo na bhflaitheas.

"Tá Joe agus Fionn ag athrú aníos in éineacht liom le aire a thabhairt dhuit fhéin is don talamh."

Driog fánach dóchais a d'oscail a leathshúil ar éigin, dóchas uirthi ag líochán na fírinne d'éadan a hiníne. Dubh na fríde de ghealgháire ag tabhairt ala sólais do dhreach pianmhar a héadain.

Salann Garbh2:Layout 1 03/12/2009 09:38 Page 24

Na mílte buíochas sa bhfáisceadh lagbhríoch a thug sí do rostaí a hiníne.

"Defibrillator!" a rasp dochtúir ag baint Beirní as greim go gorálach. Gan aici ach sólás na ndeor á bhfaire ag iarraidh corp a máthar a phreabadh ar ais ó bhroinn na talún.